

Cuntas Leithreasa 2021

Vóta 31

Iompar

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 31, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caithheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 ar thuarastail agus speansais Oifig an Aire Iompair, lena n-áirítear seirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin, ar dheontais áirithe a íoc agus ar sheirbhísí áirithe eile.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna

- (a) arna ndeonú ag an Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2021, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasá-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus
- (b) arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil a sholáthar in 2021 as leithreasáí neamhchaite 2020 faoi na socruithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais, 2004, maidir le géilleadh iarchurtha.

Dlítear farasbarr €193.382 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gclócláin 1 agus 9 de 2022, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Comhlíontar an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead mar is ceart iad, agus go gcoiscítear earráidí nó neamhrialachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

Seirbhísí comhroinnte

Sholáthair an tOifigeach Cuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte litir dom ina dtugtar cuntas ar an dul chun cinn atá déanta maidir leis an bpróiseas um dhearbhuí iniúchóireachta a fhorbairt. Sa litir sin, pléitear leis an gcreat rialachais agus na rialuithe atá i bhfeidhm agus cuimsítear tuarascálacha na n-iniúchtaí a rinneadh ar oibriú na rialuithe laistigh den timpeallacht seirbhísí comhroinnte.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfeidhmítear na rialuithe cuí agus seirbhísí comhroinnte á soláthar don Roinn seo.

Tá mo fhreagrachtaí comhlíonta agam i ndáil le ceanglais an chomhaontaithe um bainistíocht seirbhísí d'fhostaithe (CBSF) idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte le haghaidh seirbhísí comhroinnte párolla agus acmhainní daonna a sholáthar.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Tá creat bainistíochta airgeadais aibí i bhfeidhm ag an Roinn, rud a feabhsaíodh go luath in 2021 trí uasghrádú a dhéanamh ar an gcóras bainistíochta airgeadais agus níos déanaí sa bhliain trí thástáil phiolótach rathúil agus cur i bhfeidhm a dhéanamh ar chumas uathoibrithe próisis róbaitigh sa réimse próiseála cuntas. Ina theannta sin, tá timpeallacht ghníomhach iniúchóireachta inmheánaí i bhfeidhm. Coinníonn an Roinn súil ghéar ar fhorbairtí i mbainistíocht airgeadais phoiblí go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta agus, chomh maith lena chinntiú go gcomhlíontar oibleagáidí comhlíonta, táimid á dtiomáint ag an dea-chleachtas agus ag ceanglais tuairiscithe neamhairgeadais atá ag teacht chun cinn.

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe ar bun ina bhfuil na heilimintí seo a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal na bainistíochta agus tá cuntasacht chomhfhreagrach ann.
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm maidir le mo fhreagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a chomhlíonadh.
- Tá nósanna imeachta doiciméadaithe do gach príomhphróiseas gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithdheighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta, agus go háirithe

- go bhfuil córas cuí buiséadaithe ann lena mbaineann buiséad bliantúil ar a ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú rialta
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid leis an bhfeidhmíocht thuartha
- go bhfuil córas bainistíochta riosca ar bun laistigh den Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú, agus
- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal ann.

Maidir lena nósanna imeachta bainistíochta, tá sé deimhnithe go gcomhlíonfaidh Rannóg Airgeadais na Roinne caighdeán ISO 9001:2015 suas go 2023. Sonraítear leis an gcaighdeán idirnáisiúnta sin, arna fhoilsiú ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Chaighdeán (ISO), na ceanglais maidir le Córas Bainistíochta Cáilíochta (QMS). Is córas foirmiúil é QMS lena ndoiciméadaítear próisis, nósanna imeachta agus freagrachtaí le haghaidh beartais cháilíochta agus cuspóirí cáilíochta a bhaint amach. Rinneadh iniúchadh bliantúil ar QMS na Rannóige Airgeadais i gcoinne cheanglas ISO agus tá sé deimhnithe go gcomhlíonfaidh sé ISO 9001:2015 suas go mí Feabhra 2023.

Iniúcháireacht inmheánach agus an Coiste Iniúcháireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúcháireachta inmheánaí sa Roinn ina n-oibríonn pearsanra a bhfuil an oiliúint chuí curtha orthu, a fheidhmíonn i gcomhréir le cairt i scríbhinn arna faomhadh ag an Ard-Rúnaí. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais ar a bhfuil an Roinn neamhchosanta bonn eolais faoina cuid oibre agus bíonn a pleananna bliantúla iniúcháireachta inmheánaí, arna bhfaomhadh ag an Ard-Rúnaí, bunaithe ar an anailís sin. Is é is aidhm leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chuimsiú ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. Déanann an tArd-Rúnaí agus an Coiste Iniúcháireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúcháireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go ndéantar gníomh leantach i leith thuarascálacha na feidhme iniúcháireachta inmheánaí.

Le linn 2021, rinne feidhm iniúcháireachta inmheánaí na Roinne roinnt príomhmholtaí le linn na dtrí iniúchadh seo a leanas.

Iniúchadh ar an bpróiseas nochtá chosanta (trí ardchinneadh)

Chinn an tAonad Iniúcháireachta Inmheánaí gurb amhlaidh, cé go raibh beartas nochtá chosanta i bhfeidhm, nach raibh aon chur chuige comhsheasmhach ann maidir le hathbhreithniú agus measúnú ar nochtáí cosanta ar fud na Roinne ná maidir leis an dóigh a gcaítear leo, agus mhol sé don Roinn

- doiciméadú foirmiúil a dhéanamh ar chur chuige comhsheasmhach, aonfhoirmeach agus struchtúrtha maidir le nochtáí cosanta laistigh den bheartas
- a chinntiú go gcuirtear an beartas, lena n-áirítear an cur chuige, in iúl do gach ball foirne sa Roinn
- a chinntiú go ndéantar athbhreithniú ar an mbeartas agus go bhfaightear an faomhadh/síniú riachtanach ar bhonn bliantúil
- a chinntiú go ndéantar aon imeacht ón gcur chuige a dhoiciméadú agus a choinneáil sa chomhad um nochtáí cosanta.

Tá an Roinn tiomanta d'athbhreithniú seachtrach a dhéanamh ar an mbeartas ina iomláine faoi dheireadh na bliana, agus ar na próisis ghaolmhara, bunaithe ar thorthaí an iniúchta sin agus don Roinn a ullmhú le haghaidh chur i bhfeidhm an Achta um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022, rud a síníodh ina dhlí i mí Iúil 2022 (ach níor cuireadh tús leis fós).

Iniúchadh ar na socruithe atá i bhfeidhm maidir le bainistíocht agus monatóireacht ar chibearshlándáil sa Rannán Seirbhísí Ríomhaireachta Tiománaithe Feithiclí (DVCSD) (dhá ardchinneadh)

Chinn an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí nach bhfuil pearsanra/buiséad atá tiomanta do chibearshlándáil ag DVCSD agus rinne sé ceithre mholadh sa chomhthéacs sin a bhfuil DVCSD ag obair leis na feidhmeanna AD agus TFC chun dul chun cinn a dhéanamh ina leith. Ina theannta sin, rinneadh ceithre mholadh maidir le bainistíocht rochtana. Tá trí mholadh curtha i bhfeidhm. Maidir leis an gceathrú moladh – Tá DVCSD ag obair le soláthraithe seirbhíse faoi láthair chun fíordheimhniú ilfhachtóirí a thabhairt isteach chun rochtain a fháil ar an gComhad Náisiúnta Feithiclí agus Tiománaithe (NVDF).

Athbhreithniú ar chórais TF agus cleachtais stórais Gharda Cósta na hÉireann (ICG) (ardchinneadh amháin).

Chun a chinntiú go ndéanann ICG bainistiú éifeachtach ar na stórais ar fud an rannáin, mhol an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí go ndéanfadh ICG doiciméadú ar bheartas agus nósanna imeachta stórais atá foirmiúil chun mionsonrú a dhéanamh ar na sreafaí próisis a bhaineann le gníomhaíochtaí an rannáin agus freagracht a shannadh d'úinéirí ar leith as gach céim den phróiseas. A luaithe a nuashonraítear an beartas, ba cheart é a chur in iúl go foirmiúil do gach ball foirne atá freagrach as stórais a bhainistiú. Mar fhreagra ar an moladh, bunóidh an lucht bainistíochta grúpa oibre ar a mbeidh ionadaithe ó na geallsealbhoirí uile lena mbaineann chun beartas agus nós imeachta cuimsitheach a fhorbairt, rud a chuirfear i bhfeidhm go déanach in 2022 nó go luath in 2023.

Athbhreithniú ar an bpróiseas P2P reatha agus sa todhchaí thar Rannáin éagsúla

I rith na bliana rinne an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí, i gcomhar le Ernst & Young, athbhreithniú ar an bpróiseas Soláthair go hÍoc de chuid an Stáit, rud a bhí mapáilte laistigh den Roinn agus mhol siad

- gur cheart an próiseas a bheith leagtha amach go soiléir i ndoiciméad treorach
- gur cheart an próiseas a chur in iúl don fhoireann ar fad laistigh de gach rannán den Roinn agus é a fhoilsiú ar mhol na Roinne.

Tá mapa an phróisis curtha in iúl do na rannáin ábhartha.

Stocáireamh Gharda Cósta na hÉireann

Níor chríochnaigh an Roinn stocáireamh stórais an Gharda Cósta ag deireadh na bliana agus cuireadh meastachán €2.258 milliún san áireamh sa chuntas. Críochnaíodh comhaireamh iomlán i mí Iúil 2022, inar aithníodh difríochtaí doréitithe i roinnt míreanna agus difríocht fhoriomlán €70,000 nó 3.1% idir luach iarbhrí agus luach ionchais.

Tá bearta feabhais ar bun chun stocáireamh rialta a chur i bhfeidhm, rud a chiallóidh go n-earcófar coimeadaí stórais agus bainisteoir siopa. D'fhógair an Roinn comórtas idir-rannach do Choimeadaí Stórais le bheith lonnaithe i mBaile Uí Chúlainn, agus í ag glacadh le hiarratais go dtí an 30 Meán Fómhair. Ina theannta sin, tá iarraidh ar thairiscintí á hullmhú chun sainchúnamh a fháil chun nósanna imeachta a fhorbairt do na nithe seo a leanas

- córas TF stórais a oibriú
- stoic a bhainistiú i stórais.

Beidh comhaireamh rollach stórais ar siúl ó Mheán Fómhair 2022 le háirimh ar na catagóirí is airde go seachtainiúil agus seiceálacha stoic iomlána ag deireadh na ráithe.

Soláthar feithiclí Gharda Cóstá na hÉireann

D'fhoilsigh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste tuarascáil i mí Dheireadh Fómhair 2021 maidir le soláthar feithiclí ag Garda Cóstá na hÉireann. Áiríodh sa tuarascáil roinnt moltaí, ar ghlac an Roinn leo go léir agus a cuireadh i bhfeidhm agus a cuireadh i ngníomh.

Teicneolaíocht fíis oíche agus oiliúint le haghaidh cuardaigh agus tarrthála

Áiríodh sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2020* a d'fhoilsigh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste caibidil ar chaiteachas Gharda Cóstá na hÉireann ar theicneolaíocht fíis oíche agus oiliúint do chuardach agus tarrtháil. Tá oiliúint foirne in úsáid na teicneolaíochta críochnaithe ach amháin i bPort Láirge, áit a mbeidh sí críochnaithe faoi Nollaig 2022.

Comhlíonadh soláthair

Deimhníonn go gcinntíonn an Roinn go gcuirtear béim chuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirínte ábhartha go léir a chinntiú.

Chomhlíon an Roinn na treoirínte cé is moite de cheithre chonradh/iocaíocht (ar mhó a luach ná €25,000), arbh fhiú €604,500 san iomlán iad. Tá sonraí na gconarthaí/na n-iocaíochtaí sin leagtha amach anseo thíos.

- Leanadh de thrí chonradh dar luach iomlán €538,500 a bhain le línte ar léas gan próiseas iomaíoch in 2021 mar gheall ar ghanntanas foirne agus tosaíocht tionscadal. Bhí na conarthaí seo neamhchomhlíontach.
- Baineann conradh amháin dar luach €66,000 le stóráil doiciméad atá ag fanacht le húdarú scriosta ón gCartlann Náisiúnta. Leanadh den chonradh seo ar feitheamh an údaráithe sin. Bhí an conradh seo neamhchomhlíontach.

Tá athbhreithniú déanta ag an Roinn ar na himthosca inar dámhadh na conarthaí/iocaíochtaí seo agus leanann sí ar aghaidh ag tabhairt faoi athbhreithniú críochnúil ar gach soláthar agus conradh chun cosc a chur ar dhámhachtain conarthaí comhchosúla neamhchomhlíontacha sa todhchaí. Tá sonraí faoi chonarthaí neamhiomaíocha curtha ar fáil ag an Roinn sa tuairiscéan bliantúil maidir le ciorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Creat riosca agus rialaithe

Tá creat bainistíochta riosca i bhfeidhm ag an Roinn rud ina bhfuil beartas riosca, cláir rioscaí a thaifeadann rioscaí oibriúcháin agus straitéiseacha, oifigeach riosca agus coiste riosca, agus ailíniú riosca le planáil ghnó bhliantúil. Taifeadann trí chlár riosca riosca, a chluadaíonn an Roinn ar an iomlán chomh maith leis na saincheisteanna sonracha a bhaineann le hoibríochtaí Gharda Cóstá na hÉireann agus seirbhísí ríomhaireachta tiománaithe agus feithiclí. Déanfar athbhreithniú ráithiúil ar na cláir riosca ar leibhéal an lucht bainistíochta agus ar leibhéal na gcoistí riosca agus iniúchóireachta. Is buanmhír iad rioscaí ar leibhéal an Bhoird Bhainistíochta, ionas go gcoimeádtar an bhéim ar phríomhrioscaí gnó a bhainistiú agus go ndéantar cultúr cuntasachta a chomhtháthú i ngach gné dár gcuid oibre.

Áirítear le forbairtí suntasacha i mbainistíocht riosca le linn 2021

- Obair dhian i gcomhar le tacaí lárnacha chun a chinntiú go raibh córais na Roinne sách láidir le cosaint in aghaidh rioscaí cibearshlándála, thar gach réimse, lena n-áirítear athbhreithniú ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó theagmhais FSS agus oiliúint éigeantach don fhoireann ar fad. Cuireadh acmhainní breise ar bun chun tacú le Seirbhísí Ríomhaireachta Tiománaithe agus Feithiclí, an réimse is mó riosca ina leith seo.
- Bainistíocht ghníomhach ar rioscaí atá ag teacht chun cinn, mar shampla láimhdeachas foirne, lena n-áirítear ar leibhéal an Bhoird Bainistíochta agus réamh-mheas ar rioscaí féideartha, mar shampla seisiúin réamhghníomhacha faisnéise do chomhaltaí de Choistí Oireachtais, grúpaí maidir leis an bPlean Forbartha Náisiúnta (NDP), Creat Náisiúnta Infheistíochta Iompar Éireann (NIFTI).
- Lean an Roinn ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar rioscaí a bhaineann le Brexit in oibríochtaí a cuid earnálacha éagsúla a bhfuil tionchar íosta ag an vóta airgeadais orthu.
- Cuireadh córas taifeadta Build to Share eRisk ó Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais (OGCIO) i bhfeidhm le linn 2021.
- Go hinmheánach, chabhraigh prótacal um fhilleadh ar an obair leis na rioscaí féideartha foirne a mhaolú agus thacaigh sé le scileanna bainistíochta d'obair hibrídeach.

In 2022, leanfar ar aghaidh ag díriú ar riosca go háirithe

- Struchtúr nua – scarfar riosca agus soláthar ón Rannán Airgeadais, agus scarfar rialachas ón Rannóg Comhordaithe Lárnach, chun feidhm riosca agus rialachais nua a bhunú le Príomhoifigeach i gceannas agus acmhainní feabhsaithe, lena n-áirítear roinnt oifigeach tiomnaithe le taithí ar leibhéal an Phríomhoifigigh Chúnta. Soláthróidh sé seo tacaíocht bhreise do bhainisteoirí líne agus tabharfaidh sé treoir bhreise dóibh, agus gheobhaidh siad tacaíocht freisin ina ról trí oiliúint nua.
- Beartas riosca nua a thabhairt chun críche, clár aonair rioscaí a fhorbairt, agus tuilleadh athbhreithnithe agus athnuachana a dhéanamh ar na cineálacha cur chuige riosca lena chinntiú go bhfanann siad cothrom le dáta agus oiriúnach don fheidhm.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as dul i mbun gníomh ceartaitheach agus don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, sa chás gurb iomchuí. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a thugtar le fios a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil ar bhonn leanúnach.

Saincheisteanna rialaithe airgeadais inmheánacha

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais maidir leis an mbliain 2020 as ar eascair caillteanas ábhartha nó as a bhféadfadh caillteanas ábhartha eascairt.

Saincheisteanna rialaithe Covid-19

I rith ráithe 1 de 2020, i bhfianaise phaindéim Covid-19 a bhí ag teacht chun cinn, bhunaigh an Roinn roinnt socruithe maoirseachta chun a chinntiú go raibh gach tionchar ar an Roinn féin agus ar a hearnálacha gnó araon á measúnú agus á rianú. Bunaíodh grúpa inmheánach Covid-19 a bhí comhdhéanta de cheannairí Rannáin chun an tionchar a rianú agus a mheasúnú go himmheánach ónar soláthraíodh faisnéis nuashonraithe. Cuireadh faisnéis ar fáil freisin don fhoireann tríd an inlíon foirne. Leanadh ar aghaidh leis seo i rith 2021 agus tháinig laghdú ar mhinicíocht agus an bhliain ag druidim chun deiridh.

Forbraíodh agus cuireadh i bhfeidhm roinnt gníomhartha maolaithe lena chinntiú go leanaimid ag feidhmiú timpeallacht rialaithe éifeachtach. Leanann foireann na Roinne de bheith feistithe go teicniúil le cianrochtain ar chórais, a chuireann ar a gcumas leanúint ar aghaidh ag obair gan mórán cur isteach agus tacaíocht a thabhairt do thimpeallacht oibre chumaisc, rud a tugadh isteach i mí Mheán Fómhair 2021.

Bhain an fhoireann úsáid fairsing as córais aontaithe chumarsáide deisce chun teagmháil a dhéanamh lena gcomhghleacaithe laistigh den roinn agus freisin le comhlachtaí seachtracha. Níor tugadh cead isteach san oifig ach do bhaill foirne nárbh fhéidir a n-obair phráinneach a dhéanamh go cianda. Leanadh ar aghaidh leis seo le linn 2021 ach mhaolaigh sé nuair a cuireadh socruithe um Fhilleadh ar an Ionad Oibre i bhfeidhm ó mhí Mheán Fómhair 2021.

Bhí bonneagar TFC ar bun cheana féin chun cianrochtain a chumasú ar bhealach slán ar a bonneagar trí ghléasanna atá rialaithe ag an Roinn agus trí ghléasanna pearsanta. Ag tús na paindéime, éascaíodh ceannach riachtanach trealaimh bhreise agus ceadúnas breise trí sholáthar éigeandála. Níor seachnaíodh ná níor laghdaíodh na rialuithe slándála bunúsacha. Ós rud é gurbh eol go raibh an phaindéim in úsáid ag cibearchoirpigh, cuireadh baill foirne na Roinne ar an eolas faoi leochaileachtaí féideartha tríd an inlíon foirne agus trí oiliúint cibearshlándála ar líne. Cuireadh an deasc seirbhíse ar an eolas faoin méadú féideartha ar ionsaithe innealtóireachta sóisialta agus ullmhaíodh é dá bharr.

Ní raibh aon tionchar ann ar an timpeallacht rialaithe ná ar an gcuntas leithreasa.

Bhí tionchar ag Covid-19 ar roinnt soláthairtí de chuid na Roinne in 2020. Nuair a tharla tionchair, chuaigh an Roinn i dteagmháil leis an Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP) chun treoir a lorg ar an gcleachtas is fearr agus le hOifig an Phríomh-Aturnae Stáit (CSSO) chun comhairle dlí a lorg, nuair ba ghá. Lean an Roinn de theagmháil a dhéanamh le OGP agus CSSO maidir le soláthairtí atá á gcur chun cinn le linn 2021.

D'athbhreithnigh an Roinn na cineálacha cur chuige a ghlactar, agus í ag baint úsáide as an treoir ó Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste nuair a bhí sí ar fáil, agus tá iniúchadh (inmheánach) ar siúl freisin chun na ceachtanna a foghlaimíodh a ghabháil.

Modhanna dearbhaithe TFC

Tá córas bainistíochta slándála faisnéise curtha i bhfeidhm ag an Roinn, agus tá Grúpa gníomhach Bainistíochta Slándála Faisnéise ina chuid lárnach den chóras sin. Páirteach sa ghrúpa tá cinn feidhmeanna ó Rannáin ionadaíocha ar fud na Roinne agus oibríonn an cathaoirleach ar leibhéal an Rúnaí Chúnta. Tagann an grúpa le chéile ar bhonn démhíosúil agus déanann sé formhaoirseacht ar gach gné de shlándáil faisnéise.

Chuir EY iniúchadh inmheánach ar chibearshlándáil i gcrích i mí Dheireadh Fómhair 2020 agus fuarthas amach go raibh na rialuithe TFC laistigh den Roinn leordhóthanach agus éifeachtach.

Príomhfhócas de chuid na Rannóige Seirbhíse Faisnéise (ISD) is ea an chibearshlándáil, agus déantar í a chomhordú ar leibhéal na Roinne trí chruinnithe rialta an Ghrúpa tras-Rannáin um Bainistíocht Slándála Faisnéise. Tar éis an ionsaithe bogearraí éirice ar FSS, chuaigh an Roinn i dteagmháil láithreach leis an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála (NCSC) agus d'úsáid sí a threoir agus a mholtaí chun feabhas a chur ar an treochlár cibearshlándála a bhí againn cheana. Tá roinnt ardán breise cibearfhaireacháin agus coiscthe curtha i bhfeidhm againn, rinneamar scanadh leochaileachta agus treá agus dhíríomar go mór ar fheasacht agus oiliúint foirne ar na rioscaí, na veicteoirí agus na céimeanna coisctheacha chun dul i ngleic le cibearbhagairtí. Leanadh den obair seo in 2022 agus cuireadh nótaí comhairleacha breise a bhaineann leis an gcoinbhleacht san Úcráin san áireamh. I mbliana freisin, aistroidh an Roinn príomhsheirbhísí chuig ardáin seirbhísí comhroinnte rialtais a thairgeann cibearchosaint agus monatóireacht níos fearr fós.

Tá na hiarrachtaí seo mar chuid de thionscnamh níos leithne chun straitéis teicneolaíochta ilbhliantúil a fhorbairt don Roinn iomlán a cuireadh i bhfeidhm i Ráithe 2 de 2022. Díreoidh an straitéis seo ar ár n-ardáin a dhaingniú, ár n-acmhainn nuálaíochta a fhorbairt de réir phleananna an rialtais do shamhail oibriúcháin 'Digital First' agus cur chuige athbhreithnithe rialachais a sholáthar chun infheictheacht, ailíniú agus seachadadh clár teicneolaíochta ar fud na Roinne a fheabhsú.

Ken Spratt

Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Iompair

21 Meán Fómhair 2022

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 31 Iompar

Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 31 Iompar don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáiltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 31 Iompar, don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam leis an Roinn Iompair agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscim orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

Fáltais ó mhótarcháin

I gCaibidil 18 den tuarascáil uaim maidir le cuntais na seirbhísí poiblí do 2021, scrúdaítear an dóigh a ndéanann an Roinn mótarcháin a riar agus a bhailiú, agus a mhéid a chuir an Roinn na moltaí a tugadh i dtuarascáil roimhe chun feidhme.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais nár comhlíonadh na rialacha náisiúnta soláthair i gcásanna ábhartha i leith conarthaí a bhí i bhfeidhm in 2021.

Seamus MacCárthaigh

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

25 Meán Fómhair 2022

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúcháireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúcháireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinnim sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaitheint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúcháireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.

- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúcháireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnamh shuntasacha i rialú inmheánach a shainithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúcháireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fóras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna deimhnithe tuairime ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

Vóta 31 Iompar

Cuntas Leithreasa 2021

		2021		2020
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas an chláir				
A	Eitlíocht shibhialta			
	<i>Bunaidh</i>	109,806		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	8,800		
	<i>Forlíontach</i>	90,000		
			208,606	175,336
				28,346
B	Iompar ar tír			
	<i>Bunaidh</i>	3,338,885		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	139,680		
	<i>Forlíontach</i>	7,348		
			3,485,913	3,187,426
				2,554,453
C	Iompar muirí agus sábháilteacht mhuirí			
	<i>Bunaidh</i>	108,150		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	3,000		
	<i>Forlíontach</i>	(6,000)		
			105,150	97,390
				96,788
Ollchaiteachas				
	<i>Bunaidh</i>	3,556,841		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	151,480		
	<i>Forlíontach</i>	91,348		
			3,799,669	3,460,152
				2,679,587
	<i>Lúide</i>			
D	Leithreasaí-i-gcabhair		20,990	35,956
				17,800
Glancaiteachas				
	<i>Bunaidh</i>	3,535,851		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	151,480		
	<i>Forlíontach</i>	91,348		
			3,778,679	3,424,196
				2,661,787

Farasbarr

Dlítear farasbarr na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a caitheadh a ghéilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, féadfar na leithreasaí neamhchaite go léir nó cuid díobh le haghaidh seirbhísí soláthair caipitil a thabhairt anonn lena chaitheamh an bhliain dár gcionn. Tugadh €161.1 milliún de leithdháiltí neamhchaite maidir le gnéithe caipitil d'Fho-mhírchinn A.3, B.3, B.5 – B.8 agus C.3 ar aghaidh go 2022.

	2021	2020
	€	€
Farasbarr	354,482,398	385,886,299
Géilleadh iarchurtha	(161,100,000)	(151,480,000)
Farasbarr le géilleadh	193,382,398	234,406,299

Ken Spratt

Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Iompair

21 Meán Fómhair 2022

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2021

	2021		2020
	€000	€000	€000
Costas an chláir	3,419,649		2,640,560
Pá	34,626		33,307
Neamhphá	5,877		5,720
Ollchaiteachas	3,460,152		2,679,587
<i>Lúide</i>			
Leithreasaí-i-gcabhair	35,956		17,800
Glanchaiteachas	3,424,196		2,661,787
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannacháin – airgead tirim	(1,645)		
Diúscairtí – airgead tirim	104		
(Brabús)/caillteanas ar dhiúscairtí	(99)		
Dímheas	3,576	1,936	1,226
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Gluaiseacht i bhfabhruithe	2,550		
Gluaiseacht i réamhfócaíochtaí	(410)		
Gluaiseacht i stoc	(1,343)	797	682
Caiteachas díreach	3,426,929		2,663,695
Caiteachas a iompraíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)	16,840		19,503
Measchósanna	3,721		3,947
Glanhostas an chláir	3,447,490		2,687,145

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Is éard atá i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara na suimeanna seo a leanas i dtaca le Vóta 31 a iompraíodh in áit eile.

		2021	2020
		€000	€000
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	33	30
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	15,051	12,353
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	1,148	6,636
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	57	60
Vóta 43	Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais	86	—
An Príomh-Chiste – Pinsin na nAirí		465	424
		16,840	19,503

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2021

	Nóta	2021 €000	2020 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	8,830	10,766
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.2	162,931	182,594
Stoic	2.3	2,354	1,011
Réamhíocaíochtaí	2.4	2,507	2,097
Iarmhéideanna dochair eile	2.5	2,177	1,731
Iomlán na sócmhainní reatha		169,969	187,433
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe	2.6	3,766	1,216
Iarmhéideanna sochair eile	2.7	1,466	1,808
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.8	163,642	182,517
Iomlán na ndliteanas reatha		168,874	185,541
Glansócmhainní reatha		1,095	1,892
Glansócmhainní		9,925	12,658
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe stáit	2.9	9,925	12,658

2.1 Sócmhainní caipitil

	Talamh agus foirgnimh €000	Trealamh oifige €000	Troscán agus feistis €000	Mótar- fheithiclí €000	Sain- trealamh €000	Iomlán €000
Ollsócmhainní						
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2021	1,714	12,625	1,530	17,153	27,303	60,325
Breiseanna	323	640	—	56	626	1,645
Diúscairtí	—	(1,151)	(50)	(434)	(639)	(2,274)
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2021	2,037	12,114	1,480	16,775	27,290	59,696
Dímheas carntha						
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2021	—	11,638	22	14,199	23,701	49,560
Coigeartuithe ^a	—	(1,393)	1,391	—	—	(2)
Dímheas don bhliain	—	938	18	1,109	1,511	3,576
Diúscairtí	—	(1,146)	(49)	(434)	(639)	(2,268)
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2021	—	10,037	1,382	14,874	24,573	50,866
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021	2,037	2,077	98	1,901	2,717	8,830
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	1,714	987	1,508	2,954	3,603	10,766

Nóta ^a Baineann coigeartuithe le hathaicmiúcháin laistigh de throscán agus feistis agus trealamh oifige agus le suim choigeartaithe amháin laistigh de throscán agus feistis

2.2 Banc agus airgead tirim

ag an 31 Nollaig	2021	2020
	€000	€000
